



EESC info

European Economic and Social Committee

A bridge between Europe and organised civil society

November 2020 | GA
New EESC Leadership

This page is also available in:

- [ES](#)
- [BG](#)
- [CS](#)
- [DA](#)
- [EN](#)
- [DE](#)
- [ET](#)
- [FR](#)
- [EL](#)
- [HR](#)
- [IT](#)
- [LV](#)
- [LT](#)
- [HU](#)
- [MT](#)
- [NL](#)
- [PL](#)
- [PT](#)
- [FI](#)
- [RO](#)
- [SK](#)
- [SL](#)
- [SV](#)

Available Languages:

EDITORIAL



Eagarfhocal

A léitheoirí dile,

Táimid tar éis tús a chur le téarma oifige nua in CESE ar bhealach nach bhfacthas riamh cheana. Mar gheall ar shrianta COVID-19, den chéad uair riamh, reáchtáladh seisiún iomlánach tionscnaimh CESE go fíorúil.

Maidir le modhanna oibre ar líne, arb iad na gnáthmhodhanna nua a bheidh againn sna míonna beaga amach romhainn, tá siad dúshlánach agus tairbheach. Is deacra teacht ar chomhréiteach maidir le beartais an Aontais Eorpaigh nuair nach féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh, is cinnte. Ach ar an taobh eile de, ní gá am a chur amú ag taisteal chuig an láthair oibre gach lá, agus is féidir a bheith áit ar bith san Aontas - go fíorúil - ach cliceáil ar an luchóg.

Nasc tábhachtach is ea CESE idir an tsochaí shibhialta eagraithe agus an creat institiúideach Eorpach. Baineann buntáistí le naisc dhigiteacha a thógáil, mar shampla is féidir a bheith níos tapa, níos solúbtha agus is féidir naisc a bhunú le níos mó daoine.

Agus iarrachtaí á ndéanamh ag an Aontas Eorpach chun dul i ngleic le paindéim COVID-19 agus na hiarmhairtí eacnamaíocha agus sóisialta a eascraíonn aisti, is tábhachtaí ná riamh na naisc dhigiteacha sin. Is mar sin a roghnaigh mé “cur le chéile” mar mhana le linn mo théarma uachtaránachta. Ní mór dúinn cur le chéile sa chomhrac i gcoinne na géarchéime agus ní mór dúinn cur le chéile chun an tAontas a mhúnlú i ndiaidh COVID-19. Ar son thodhchaí na hEorpa, ní mór dúinn cur le chéile!

Cén Eoraip atá de dhíth orainn? Dar liom féin, tá Eoraip de dhíth orainn a bhfuil rathúnas eacnamaíoch inti, atá cuimsitheach ar bhonn sóisialta agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de. San Eoraip sin a fheicim, tá na dálaí cearta inti chun borradh a chur faoin tsochaí shibhialta ina hiomláine, agus chun go mbeidh daoine in ann cur fúthu in áit a bhfuil an daonlathas oscailte ann, an daonlathas luachbhunaithe.

Tá Eoraip níos rannpháirtí de dhíth orainn, Eoraip ina gcuirtear beartais atá níos éifeachtaí i gcrích agus atá ag teacht le fíor-riachtanais mhuintir na hEorpa. Tá CESE réidh agus toilteanach a shaineolas a roinnt le lucht ceaptha beartas chun an fhís sin a fhíorú.

Táim ag obair go dian dícheallach, ón taobh istigh agus ón taobh amuigh araon, chun dea-cháil CESE a neartú agus chun an mhuinín agus an chreidiúnacht a bhíodh ag daoine i leith CESE tráth a chothú athuair. Le chéile, ghlacamar sainordú chun athbhreithniú a dhéanamh ar ár Rialacha Nós

Imeachta agus ar ár gCód Iompair chun a chinntiú go gcomhlíonann an Coiste na caighdeáin eitice agus ghairmiúla is airde dá bhfuil ann.

Is mian liom a iarraidh oraibh uile a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí de chuid CESE. Trí bheith rannpháirteach in imeachtaí dár gcuid, trí bheith rannpháirteach sa phlé, agus trí thorthaí ár gcuid oibre a scaipeadh, cabhróidh tú linn glór na sochaí sibhialta a chur in iúl. Ar son thodhchaí na hEorpa, cuirimis le chéile!

Christa Schweng, Uachtarán CESE

“CEIST AMHÁIN DO...”



“Ceist amháin do...”.

As an eagrán seo de EESCinfo amach, tá rannán nua á sheoladh againn dar teideal “*Ceist amháin do...*”. Leanfaimid leis an tsraith seo ceisteanna-agus-freagraí trína iarraidh ar chomhaltaí CESE a bhfreagra a thabhairt ar cheist atá go mór i mbéal an phobail agus atá, dar linn, an-ábhartha ag an am.

Is iad na chéad aónna a roinnfidh a gcuid smaointe ná an bheirt Leas-Uachtarán. Thug siad freagra ar an gceist seo a leanas: “Agus tú ag cur tús le do théarma oifige, téarma oifige ag tráth seo na dianghlása, an

scartha shóisialta agus an chaidrimh oibre fhíorúil, conas a d’fhéadfaí spiorad an tsuaircis chruthaithigh a bhíodh ann a athmhúscailt laistigh de CESE féin agus lasmuigh de CESE?”



Cillian Lohan, Leas-Uachtarán um an gCumarsáid in CESE

Is minic a ritheann sé liom nuair a bhíonn an saol ag breith bog orm gurb amhlaidh atá mo mhaidí ligthe le sruth agam. Ar a shon sin, is é an cuspóir a chuirimid romhainn agus córais fheidhmiúla á gcruthú againn ná a chinntiú go n-oibríonn siad mar is cóir, i bhfocail eile go n-oibríonn siad go héifeachtach agus go dea-fheidhmiúil. Is é an t-idirdhealú is gnách liom a dhéanamh ina thaobh seo ná gur cheart do phróisis feidhmiú go rianúil ach i dtaca le hinneachar de gur cheart dó ár ndúshlán a thabhairt.

B'fhonn liom riamh a chinntiú go dtabharfadh mo chuid oibre in CESE mo dhúshlán i gcónaí agus an uair is mó a bhíonn mo dhúshlán á thabhairt aici gur lena linn sin is féidir teacht ar na réitigh is mó luach.

B'ábhar mearbhaill dom na próisis agus na modhanna oibre a bhí i réim anseo nuair a rinneadh ball díom an chéad lá, pé acu a bhí mé ag iarraidh an seomra cruinnithe ceart a aimsiú nó an cnaipe cainte a bhrú ag an nóiméad ceart agus mé ag iarraidh labhairt le linn díospóireachta.

I gcás comhaltaí atá ag dul i gceann oifige den chéad uair, seans nach rachaidh sibh i dtaithí ar na nósanna sin go dtí go mbeidh roinnt cruinnithe curtha díbh agaibh. Taithí a dhéanann máistreacht. Ar ndóigh, is cabhair mhór freisin na sosanna caife agus a bheith i gcomhluadar daoine sna dorchlaí chun eolas a chur ar an gcaoi a bhfeidhmíonn cúrsaí sna Coistí.

Ós rud é nach féidir linn dul i dtaithí ar an láthair oibre nua anois faoi mar a dhéanaimis de ghnáth, fágann sin gurbh éigean dúinn tús a chur leis an téarma oifige seo ar dhóigh eile ar fad. Ní léir fiú amháin cé na daoine atá tar éis filleadh orainn agus cé na daoine nár fhill. Ní furasta do chomhaltaí nua eolas a chur ar an gcaoi a bhfeidhmíonn CESE agus dinimicí na láithreach oibre a thuiscint.

Is léir dúinn gur féidir leis an gCoiste feidhmiú go cianda. Is móide an tábhacht a shamhlaímid anois le teagmháil a dhéanamh le comhaltaí duine le duine dá bhrí sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann theicniúil an Choiste. Tarraingíodh aird ar an tábhacht thar meán atá leo mar oibrithe fíor-riachtanacha sa mhéid go n-éascaíonn siad ár gcuid oibre dúinn.

A bhuí leo sin, feidhmíonn an próiseas go rianúil agus go héifeachtach agus is fusa linn dul i dtaithí ar an modh oibre nua seo.

Is maith liom a cheapadh ós rud é go mbíonn orainn oibriú go cianda agus gach duine againn ag obair ón mbaile (cibé acu ón oifig sa bhaile, ón gcistin nó ón seomra suite féin é sin) go mothaímid níos gaire dá chéile ar chuma éigin. Is maith liom a cheapadh gur meabhrú beag é sin gurb ionann cás dúinn uile agus ár ndícheall á dhéanamh againn sa spás oibre nua seo.

Is cinnte liom gur móide an meas a bheidh againn ar ár láthair oibre nuair a fhillfimid ar sheomraí an fhoirgnimh JDE athuair agus tá súil agam gur móide an tuiscint a bheidh againn dá chéile an uair sin freisin agus sinn ag iarraidh ábhar luachmhar a chur i láthair an Aontais Eorpaigh.



Giulia Barbucci, Leas-Uachtarán CESE um an mBuiséad

Faoi láthair táimid i ngreim ag géarchéim sláinte nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo i stair na hEorpa ná i stair na cruinne: tá an cine daonna buailte go dona léi i ngach cearn den domhan, rud a fhágann nach mór dúinn aghaidh a thabhairt ar a

dhíomuaíne is atá saol an duine. D'ionsaigh orgánach micreascópach sinn, ach cé nach bhfuilimid in ann é a shárú go fóill, beidh an lá linn.

Den chéad uair sna mílte bliain dár stair, tharla sé go bhfuil ar an gcine daonna a lán gníomhaíochtaí daonna agus sóisialta a dhéanamh gan teagmháil fhisiciúil, gan bheith san áit chéanna, gan caidreamh díreach daonna a bheith ann. Táimid tar éis a fhoghlaim conas maireachtáil “go fíorúil”, rud a athróidh ó bhonn ár modh maireachtála mar dhaoine, ó thaobh na hantraipeolaíochta de. Tá athrú ag teacht ar an domhan agus, dá bhrí sin, ní mór dúinn athrú freisin: ní mór dúinn a fhoghlaim conas uirlisí digiteacha a úsáid chun nascadh le daoine i bhfíschruinnithe, ní mór dúinn foghlaim conas cumarsáid a dhéanamh ar bhealach difriúil, gan bheith le chéile go fhisiciúil in aon chor nó ag cleachtadh scaradh sóisialta agus sinn ag teacht le chéile; tá an tsoghluaisteacht ag athrú freisin agus sinn ag iarraidh dul ó áit go háit ar bhealach nua, amhail ar scútair. Níl ansin ach cúpla sampla de na hathruithe móra a tháinig ar ár saol.

Is é an dúshlán atá roimh an nglún seo againne ná dul i ngleic leis na hathruithe agus teacht ar réitigh.

D'ainneoin na ndeacrachtaí, áfach, is daoine sinn, táimid ábalta oiriúnú do na hathruithe. Tá a fhios againn nach bhfuil i gceist anseo ach tamaillín inár stair fhada, agus, luath nó mall, beimid an ann filleadh ar ghnásanna ár nádúir bunaidh mar ainmhithe sóisialta.

Ar bhealach, ba bhrónach an rud é gur go cianda a tionóladh seisiún Iomlánach bunaidh CESE don téarma nua oifige, agus is dóchúil go bhfuil roinnt mhaith daoine den tuairim sin. Ní hionann teacht le chéile go cianda agus bualadh le duine go pearsanta agus aithne a chur ar na comhaltaí nua, dul i gcomhair caife le linn sosa nó dul le haghaidh gloine fíona tar éis lá fada oibre, ní hionann iad ar chor ar bith. Is deiseanna tábhachtacha agus idirghníomhaíochtaí sóisialta iad, ar ndóigh, atá ríthábhachtach chun aithne a chur ar a chéile agus chun barúlacha a mhalartú le chomhghleacaithe nach mór dúinn rudaí a phlé leo agus teacht ar chomhdhearcadh chun ár dtuairimí a thabhairt.

Tuigimid nach mór dúinn na gníomhaíochtaí sin a chur ar fionraí ar feadh tamaill eile, ach fillfimid, luath nó mall, ar na rudaí a fhágann gur neacha daonna ar an uile bhealach sinn.

EESC NEWS



Tá an tOstarach, Christa Schweng, tofa ag CESE sa phost mór

Aontaithe ar son thodhchaí na hEorpa: tá an tUachtarán nua meáite ar aontachas agus clú CESE a athchothú agus an breisluach atá aige maidir le tionchar a imirt ar mhúnlú beartas ar an leibhéal Eorpach a léiriú.

Is í **Christa Schweng**, arb as an Ostair di, an 33ú hUachtarán ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) agus is í an cúigiú bean le bheith i gceannas ar an gcomhlacht de chuid an Aontais a dhéanann ionadaíocht ar an tsochaí shibhialta eagraithe ó bunaíodh é in 1958. Is iad an dá Leas-Uachtarán nua a toghadh chun oibriú taobh léi ag stiúradh CESE **Giulia Barbucci** (an Iodáil), a bheidh freagrach as an mbuiséad agus **Cillian Lohan** (Éire), a bheidh freagrach as an gcumarsáid.

Sa phost nua, cuirfidh **Christa Schweng** an taithí fhairsing agus an t-eolas atá aici ar shaincheisteanna sóisialta agus fostaíochta ar fáil, taithí agus eolas a fuair sí thar fiche bliain d'obair chomhairliúcháin ar an leibhéal Eorpach agus san Ostair, a tír dhúchais.

Tá sí ina comhairleoir sinsearach do Roinn Beartais Shóisialta Chomhlachas Eacnamaíoch Cónaidhme na hOstaire ó 1994 i leith.

Is Eorpach diongbháilte í agus tá sí ina comhalta de Ghrúpa na bhFostóirí in CESE le 22 bhliain anuas.

Tar éis a ceaptha, dúirt **Christa Schweng** an méid seo a leanas: “Fágfaidh COVID-19 agus, faraor, tráth seo na héiginnteachta agus an cruatan eacnamaíoch agus sóisialta a lorg ar an téarma oifige seo. Beidh sé crua ar ghnólachtaí teacht slán as agus caillfidh oibrithe a bpost. Sa chomhthéacs reatha, murab ionann is riamh, ní mór dúinn dul i gcomhar le chéile, fíis a fhorbairt d'Eoraip nua iar-COVID-19 agus ár ndícheall a dhéanamh chun a chinntiú go gcuirfidh ár gCoiste go mór le téarnamh agus athléimneacht na hEorpa amach anseo. Beidh an méid sin fite fuaite le CESE a atógáil atá níos aontaithe, níos éifeachtaí agus a bhfuil an-mheas air.”

I bhfianaise an méid sin, is é mana uachtaránacht **Christa Schweng** “Aontaithe ar son thodhchaí na hEorpa”.

Tá sé geallta ag an Uachtarán nua gníomhaíocht a dhéanamh láithreach chun clú CESE a athbhunú agus muinín san institiúid a athchothú tar éis dó a athdhearbhú le déanaí a thiomantas láidir don chiapadh a chomhrac san ionad oibre.

“Is éard atá uainn Coiste atá aontaithe agus a chomhlíonann na caighdeáin eiticiúla is airde, Coiste a bhfuil dea-chlú air,” a dúirt **Christa Schweng**. Dúirt sí freisin go ndéanfar an Cód Iompair do Chomhaltaí Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus na Rialacha Nós Imeachta a threisiú ag tús a téarma oifige.

Ós rud é go n-athraíonn uachtaránacht CESE leath bealaigh tríd an téarma oifige, mairfidh tréimhse oifige an Bhiúró nua faoi cheannas **Christa Schweng**, a thiocfaidh in áit a réamhtheachtaí, **Luca Jahier**, go ceann dhá bhliain go leith, go dtí mí an Mhárta 2023.

Beidh clár an Uachtaráin bunaithe ar na tosaíochtaí seo a leanas atá i gcomhréir lena fíis d'Eoraip iar-COVID-19 a chuireann ar chumas a saoránach dul chun cinn suntasach a dhéanamh agus maireachtáil i sochaí

oscailte atá bunaithe ar luachanna: **is iad sin Eoraip a bhfuil rath uirthi ó thaobh an gheilleagair de; Eoraip atá cuimsitheach go sóisialta; agus Eoraip atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de.**

Is é an ceathrú tosaíocht atá aici a chinntiú go mbeidh ról ríthábhachtach ag CESE sa **Chomhdháil ar Thodhchaí na hEorpa**, ar tionscadal tábhachtach é atá ceaptha chun go mbeidh braistint úinéireachta ag muintir na hEorpa ar an Aontas trína chur ar a cumas díospóireacht a dhéanamh ar mhórábhair an Aontais, agus ar an gcaoi sin, feabhas a chur ar an gcaoi a n-oibríonn an tAontas Eorpach. (II)



“Is gá ionchur ón tsochaí shibhialta má táthar chun an Eoraip a athrú chun feabhais”

Tháinig Christa Schweng i láthair den chéad uair mar Uachtarán nua-thofa CESE ag díospóireacht tionscnaimh le príomhcheannairí an Aontais Eorpaigh an lá tar éis di a bheith tofa ag seisiún iomlánach mhí Dheireadh Fómhair.

Sa díospóireacht, a reáchtáladh ar líne, díríodh ar an *Téarnamh ar son Thodhchaí na hEorpa*, thug Uachtaráin phríomhinstiúidí uile an Aontais ionchur, inar chuir siad i bhfáth an ról a d’fhéadfadh a bheith ag an tsochaí shibhialta chun dul i ngleic leis na dúshláin atá roimh an Eoraip agus roimh an domhan ar fad faoi láthair.

Dúirt **Christa Schweng**, Uachtarán nua-thofa CESE, go bhfuil príomhról ag an gCoiste chun guth na sochaí sibhialta a chur in iúl go láidir ar an leibhéal Eorpach.

“A bhuí le hionchur na sochaí sibhialta”, a dúirt sí, “beidh an staid mar atá ar an láthair á léiriú níos fearr sna bearta Eorpacha, agus beifear in ann iad a chur chun feidhme ar bhealach níos éifeachtúla ar an leibhéal náisiúnta nó áitiúil”.

Ní hé amháin gur ról dearfach é, dar le Christa Schweng, is ról ríthábhachtach é, “Tá gá le hionchur ó fhostóirí, oibrithe, tomhaltóirí, feirmeoirí agus ENRanna mar aon lena dtaithí phraiticiúil, má táthar chun an Eoraip a athrú chun feabhais. *Gníomhaímid mar nasc idir an tsochaí shibhialta agus an tAontas: ní mór dúinn beart a dhéanamh de réir ár mbriathair sa ról sin, agus táim suite de gur féidir linn an méid sin a bhaint amach.*

*Ghlac Leas-Uachtaráin nua-cheaptha CESE páirt sa díospóireacht freisin. Mheabhraigh **Giulia Barbucci**, Leas-Uachtarán um an mBuiséad, go bhfuil sár-obair déanta ag an Aontas chun dul i ngleic leis an ngéarchéim reatha, ach is é an rud atá in easnamh fós ná rannpháirtíocht bhunúsach na saoránach, agus tá ról bunriachtanach le himirt ag CESE chuige sin.*

Chuir **Cillian Lohan**, Leas-Uachtarán um an gCumarsáid, i bhfios go láidir go bhfuil dearcadh uathúil ag comhaltaí CESE i dtaca le tionchar an Aontais ar shaol laethúil na ndaoine in earnálacha éagsúla na sochaí.

Bhí **Ursula von der Leyen**, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh, páirteach sa díospóireacht freisin trí theachtaireacht físeáin, agus i bpáirt le hUachtarán Pharlaimint na hEorpa, **David Maria Sassoli**, Uachtarán na Comhairle Eorpaí, **Charles Michel** agus Uachtarán Choiste Eorpach na Réigiún, **Apostolos Tzitzikostas**, ghuigh sí gach rath ar Christa Schweng dá téarma oifige. Chuir siad go léir in iúl gur mór acu

an t-ionchur a thug CESE agus chuir siad i bhfáth an gá atá le guth shochaí shibhialta na hEorpa a chur san áireamh. (dgf)



Cillian Lohan: “Tá ceannaireacht uainn, ceannaireacht ar féidir linn muinín a bheith againn aisti”

Duine den bheirt leas-uachtarán ar CESE é Cillian Lohan (Éire) agus mairfidh a théarma oifige ar feadh dhá bhliain go leith, ó mhí Dheireadh Fómhair 2020 go dtí mí an Mhárta 2023. Beidh sé freagrach as an gcumarsáid.

Tar éis a thofa, seo mar a labhair **Cillian Lohan**: *“Is léir, a chairde, agus ár seacht ndícheall á dhéanamh againn chun dul i ngleic le paindéim dhomhanda agus chun na hiarmhairtí a eascraíonn aisti sin ar ár ngeilleagar a leigheas, is léir go bhfuil ré dhúshlánach buailte linn. Is léir freisin, a chairde, gur mithid dúinn anois infheistiú san aistriú práinneach is gá a dhéanamh ionas nach mbeimid ag brath a thuilleadh ar chórais fuinnimh atá go mór as dáta. Tá réitigh de dhíth orainn, réitigh a rachaidh chun tairbhe don uile dhuine, agus tá ceannaireacht uainn, ceannaireacht ar féidir linn muinín a bheith againn aisti.*

“Glór uathúil is ea CESE....agus déanfaimid deimhin de go gcloisfear an glór sin go láidir agus go soiléir laistigh d’institiúidí an Aontais Eorpaigh”.

Sa ré dhúshlánach seo, *“is áis luachmhar é CESE a oibríonn chun cur leis an gcomhdhearcadh maidir le ról an Choiste i gceapadh beartas nua. A bhuí le CESE, is féidir bearnaí sa reachtaíocht a shainaithint agus moltaí nithiúla a thabhairt faoi conas na bearnaí sin a dhúnadh. Is iad ár bhfoireann agus ár gcomhaltaí a mhúnlaíonn glór CESE trí bheith ag obair gan stad gan staonadh chun peirspictíochtaí uathúla luachmhara a chur ar fáil, peirspictíochtaí a bhfuil tacaíocht ríthábhachtach acu ó ghrúpaí uile na sochaí sibhialta.”* Leag Lohan béim ar an gcaoi arb í tosaíocht a théarma oifige mar Leas-uachtarán dlús a chur leis an obair sin.

Is comhalta den ghrúpa “Éagsúlacht Eoraip” é Cillian Lohan agus ceapadh é mar ionadaí ar earnáil an chomhshaoil. Bhí sé ag plé le ceapadh beartais in Éirinn le Colún Comhshaoil na hÉireann (‘Irish Environmental Pillar’) agus chaith sé tamall mar chathaoirleach ar Líonra Comhshaoil na hÉireann.

Is duine de na príomhghníomhaithe i réimse an Gheilleagair Chiorclaigh é Lohan. Ba eisean an chéad chathaoirleach ar [Ardán Eorpach Gheallsealbhoirí an Gheilleagar Chiorclaigh](#), agus chuidigh sé lena chur ar bun.

Tá seantaithí aige ar idirbheartaíocht a dhéanamh ar thionscnaimh de chuid na Náisiún Aontaithe, amhail caibidlíochtaí ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (COP) agus an Fóram Polaitiúil Ardleibhéil maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe.

Ós rud é go bhfuil Lohan ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar Green Economy Foundation, bhí deis aige maoirseacht a dhéanamh ar réimse leathan de thionscadail uailmhianacha, lena n-áirítear breis agus aon mhilliún crann a chur in Éirinn agus tearmann fiadhúlra a bhunú i dTobága.

Chuaigh sé i mbun oifige mar Leas-uachtarán um an gCumarsáid tar éis dó téarma oifige a chaitheamh ina urlabhraí do Chatagóir Tomhaltóirí agus Comhshaoil in CESE.

Bhí sé ina rapóirtéir ar roinnt mhaith tuairimí tábhachtacha, lena n-áirítear an chéad doiciméad cuimsitheach ar leibhéal an Aontais dírithe ar phrionsabail maidir leis an gceartas aeráide a chur ar bun: [Ceartas Aeráide](#), [Pleananna Gníomhaíochta 2015 agus 2019](#) don Gheilleagar Ciorclach, [Rannpháirtíocht na hÓige](#), [Páipéar Machnaimh maidir le hEoraip Inbhuanaithe](#) agus [Rochtain ar Mhaoiniú don Troid i gcoinne an Athraithe Aeráide](#). (mr)

Féach thíos teachtaireacht físeáin ó Leas-Uachtarán CESE um an gCumarsáid:



Giulia Barbucci: "Is den riachtanas é leanúint orainn de bhainistiú fóna trédhearcach a dhéanamh ar an mbuiséad"

Is í an ceardchumannaí Iodálach, Giulia Barbucci, an Leas-Uachtarán nua in CESE atá freagrach as an mBuiséad.


"Tá áthas orm a bheith mar chuid d'uachtaránacht ar mná dhá thrían di," a dúirt Barbucci ag an seisiún iomlánach. Is éard a dúirt sí, ina theannta sin: "Is saincheist atá fós gan réiteach í ceist an chomhionannais inscne laistigh de CESE, de na hinstiúidí agus den Aontas Eorpach ina iomláine."

Tá Giulia Barbucci ag obair do CGIL (Confederazione Generale Italiana del Lavoro), an ceardchumann is mó san Iodáil, ó 1989 i leith. Anois agus géarchéim eacnamaíoch buailte linn, measann sí go bhfuil sé ríthábhachtach leanúint orainn de bhainistiú fóna trédhearcach a dhéanamh ar an mbuiséad, agus príomhthosaíocht amháin aici: a chinntiú gur féidir le comhaltaí a gcuid oibre polaitíochta a dhéanamh.

Bhí obair Giulia Barbucci dírithe i gcónaí ar oibrithe a chosaint, idir fhir agus mhná. I mí Iúil na bliana seo ba í a bhí i gceannas ar an tuairim faoin [Straitéis maidir le Comhionannas Inscne](#) san Aontas Eorpach, inar cuireadh barúlacha an Choiste i leith na straitéise sin faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

In 2002, ghlac sí páirt san idirbheartaíocht faoin gCreat-Chomhaontú Eorpach maidir le Teilea-obair, rud ar chóir athbhreithniú a dhéanamh air anois i bhfianaise na paindéime. "Le linn na géarchéime sláinte seo, d'éirigh le gnólachtaí teacht slán, más ar éigean é, gan rialacha soiléire a bheith ann dóibh go minic," a mhínigh **Giulia Barbucci**. "Is ollmhór an tionchar atá ag an teilea-obair ar dhaoine agus ar theaghlaigh anois, áfach, agus is iad na mná is túisce a bheidh thíos leis, toisc go mbíonn obair chúraim le déanamh acu chomh maith le cúraimí eile. Sin é an fáth a bhfuil sé riachtanach an ceart chun dícheangail a chosaint." (na)

Féach thíos teachtaireacht físeáin ó Leas-Uachtarán CESE um an mBuiséad:



Renewal rate per country

Is airde ná riamh líon na ndaoine nua agus líon na mban atá ina gcomhaltaí de CESE

Ó cuireadh tús in CESE le staitisticí maidir le comhaltas an Choiste a bhailiú in 2010, taifeadadh an líon is airde comhaltaí nua agus comhaltaí ban i mbliana, is é sin don téarma oifige 2020-2025. In Éirinn, is comhaltaí nua iad 33% agus is mná iad


22.22%.

Tá céatadán na mban sa Choiste níos airde ná mar a bhí riamh: 33% an uair seo i gcomparáid le 28% in 2015 agus 24.7% in 2010. (féach graf 3)

Anuas air sin, **don chéad uair le 15 bliana anuas, tá an Coiste faoi cheannas mná. Is í an tOstarach Christa Schweng, ó Ghrúpa na bhFostóirí, atá i gceannas ar an gCoiste.**

Is iad an **Eastóin, le 85.71%**, agus an tSeicia agus an Chróit, a bhfuil ráta 66.67% acu araon, na tíortha a bhfuil an líon is airde de chomhaltaí ban acu. Ar an taobh eile den scéal, níor ceapadh bean ar bith ón bPortaingéil ná ón gCipir ina comhalta. Tá cothromaíocht iomlán idir na hinscní aimsithe ag an tSualainn. (féach graf 2)


Ar an iomlán, is airde líon na gcomhaltaí ban ná líon na gcomhaltaí fear i seacht dtír (sna tíortha sin a luadh cheana chomh maith leis an Ungáir, an Laitvia, an Liotuáin agus an Fhrainc).



Maidir leis na trí ghrúpa as a bhfuil CESE comhdhéanta, tá an líon is airde comhaltaí ban le sonrú i nGrúpa na nOibrithe (37.96%), tá an líon is ísle le sonrú i nGrúpa na bhFostóirí (28.39%) agus tá an Grúpa “Éagsúlacht Eoraip” idir eatarthu (32.17%).


Sula ndearnadh an téarma oifige a athnuachan, leagadh béim sna [treoirínte](#) a d'ullmhaigh Comhairle an Aontais Eorpaigh ina thaobh ar an ngá atá leis an gcothromaíocht inscne a chinntiú sa Choiste. Cé gurb í an Chomhairle atá freagrach go foirmiúil as comhaltaí nua CESE a cheapadh, is iad rialtais na mBallstát a chuireann ainmneacha na gcomhaltaí chun cinn tar éis dóibh comhairle a fháil ó chomhpháirtithe sóisialta

agus ó eagraíochtaí eile a bhaineann leis an tsochaí shibhialta.



137 gcomhalta nua as 329 san iomlán atá ann an babhta seo, rud a chiallaíonn gurb é seo an céatadán de chomhaltaí nua in CESE (41.64%) is airde ar na trí théarma oifige (2010, 2015 agus 2020) a thógáil le chéile. Is ardú 30% é sin ar líon na gcomhaltaí nua in 2010 agus is ardú 40.29% é i gcomparáid le 2015. (féach graf 4)

Ós rud é go bhfuil cúigear comhaltaí nua as seachtar ag an Laitvia agus ag an Eastóin araon, **is iontu a fheictear an ráta athnuachana is airde ar fad**. Sa tír a bhfuil an ráta athnuachana is ísle inti, an Bhulgáir, is comhaltaí nua iad beirt as dháréag. (féach graf 1)



Maidir le líon na gcomhaltaí atá i mbun a gcéad téarma oifige, is i nGrúpa na nOibrithe atá an líon is ísle díobh (39 as 108), is sa Ghrúpa “Éagsúlacht Eoraip” atá an líon is airde (52 as 115), agus tá Grúpa na bhFostóirí idir eatarthu (46 as 106).

Ó thaobh aoise de, tá an comhalta is óige 27 mbliana d’aois agus tá an comhalta is sine 76 bliana d’aois. Is é 55 bliana meánaois na gcomhaltaí.

I gcomparáid le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste na Réigiún a dhéantar a athnuachan ar bhonn rialta freisin, más ar dhóigh eile é, is ísle céatadán na gcomhaltaí nua agus na gcomhaltaí ban in CESE ná sa Pharlaimint (58.5% agus 40.4% faoi seach), ach is airde iad ná i gCoiste na Réigiún (31% agus 29.1%). (dm)

Tá ceannairí nua roghnaithe ag Grúpa na bhFostóirí, Grúpa na nOibrithe agus Grúpa “Éagsúlacht Eoraip” in CESE

Ar an gcéad lá de sheisiún iomlánach tionscnaimh CESE, thogh na trí ghrúpa leasmhara, as a bhfuil CESE comhdhéanta, a n-uachtaráin nua don chéad téarma oifige eile.

Is iad seo a leanas uachtaráin nua na nGrúpaí:

- **Stefano Mallia** do Ghrúpa na bhFostóirí
- **Oliver Röpke** do Ghrúpa na nOibrithe
- **Séamus Boland** don ghrúpa "Éagsúlacht Eoraip".

Fanfaidh siad in oifig go ceann dhá bhliain go leith, go dtí 2023.

Rinneadh an vótáil i rith chruinnithe bunaitheacha na nGrúpaí a tionóladh i dteannta an tseisiúin iomlánaigh.

Tá **Stefano Mallia** ina chomhalta de CESE ó bhí 2010 ann. Le linn a uachtaránacht ar Ghrúpa na bhFostóirí in CESE, díreofar ar chabhair a thabhairt do ghnólaigh teacht slán as géarchéim COVID-19 agus téarnamh uithi trí na ceachtanna crua atá foghlamtha acu ón ngéarchéim a chur chun deise dóibh féin. I measc thosaíochtaí eile a uachtaránachta beidh an t-aistriú chuig geilleagar níos glaine, a chaithfear a dhéanamh ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de, agus an digiteáil. Tá Stefano Mallia go mór den tuairim nach foláir do CESE agus do Ghrúpa na bhFostóirí a bheith ina gcomhpháirtí nádúrtha ag institiúidí AE eile agus geilleagar na hEorpa á phlé acu. Tá an tUasal Mallia ina Chomhpháirtí de chuid na comhlachta sainchomhairleoireachta EMSC Teo., ar comhlacht é atá dírithe ar an anailís eacnamaíoch agus ar chúrsaí gnó, agus is iar-Uachtarán é ar Chomhlachas Tráchtála, Fiontraíochta agus Tionsclaíochta Mhálta. Tá saineolas aige ar chistí struchtúracha an Aontais agus ar mhaoiniú FBManna.

Is í seo an dara tréimhse uachtaránachta ag **Oliver Röpke**, óir toghadh é roimhe seo chun teacht i gcomharbas ar Gabriele Bischoff i lár na tréimhse oifige deiridh nuair a d'éirigh Bischoff as in 2019 d'fhonn dul i gceann oifige mar fheisire de Pharlaimint na hEorpa. Tá Oliver Röpke ina chomhalta de Chónaidhm Cheardchumann na hOstaire (ÖGB) agus is é ionadaí ÖGB ar choiste feidhmiúcháin Chónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CEC) é. Tá sé ag obair le CESE ó 2009 i leith agus tá tuairimí curtha le chéile aige maidir le saincheistanna sóisialta ríthábhachtacha amhail íospá cuibhiúil agus íoschaighdeáin choiteanna i réimse na sochar dífhostaíochta. Tá sé tiomanta do straitéis láidir Eorpach um théarnamh agus atógáil shóisialta chun dul i ngleic le hiarmhairtí COVID-19, straitéis lena leagtar béim ar an dlúthpháirtíocht agus ar chlár oibre sóisialta a bhfuil sé mar aidhm leis bearta a leagan amach chun cearta oibrithe a chosaint.

An bhochtaineacht agus an ról atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta chun í a leigheas; is orthu sin a bheidh **Séamus Boland** ag díriú le linn a chéad téarma oifige mar uachtarán ar an ngrúpa "Éagsúlacht Eoraip". Is éard is "Éagsúlacht Eoraip" ann ná grúpa a thugann réimse leathan eagraíochtaí de chuid na sochaí sibhialta le chéile faoina scáth. Is mian leis an Uachtarán nua díriú ar an tsaincheist seo ar dhóigh níos leithne á gcur san áireamh an Comhaontú Glas don Eoraip agus tionchar COVID-19 ar an tsochaí. Feirmeoir agus gníomhaí fadtéarmach ar son na sochaí sibhialta is ea Séamus Boland agus tá sé ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin ar Nasc Tuaithe na hÉireann, ina chomhalta boird d'Iascaigh Intíre Éireann agus ina chathaoirleach ar an

gComhairle Tailte Móna. Tá sé ina chomhalta de CESE ó bhí 2011 ann agus ina rapóirtéir le haghaidh go leor tuairimí de chuid CESE a bhaineann le talmhaíocht, forbairt tuaithe, fuinneamh, gnóthaí sóisialta agus Brexit.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach leathanaigh ghréasáin na nGrúpaí;

[Ceapadh Stefano Mallia ina Uachtarán nua ar Ghrúpa na bhFostóirí in CESE](#)

[Leanfaidh Oliver Röpke de bheith ina Uachtarán ar Ghrúpa na nOibrithe in CESE le linn an chéad sainordaithe eile](#)

[Ceapadh an tÉireannach Séamus Boland ina Uachtarán nua ar an ngrúpa "Éagsúlacht Eoraip" in CESE](#)


Uachtaránacht CESE agus cathaoirligh na ngrúpaí agus na rannóg do 2020-2023

Uachtarán



Christa Schweng

Leas-Uachtaráin



Cillian Lohan


, Leas-Uachtarán CESE/Cathaoirleach ar an gCoimisiún Cumarsáide



Giulia Barbucci


Leas-Uachtarán CESE/Cathaoirleach ar an gCoimisiún um Ghnóthaí Airgeadais agus Buiséadacha

Cathaoirligh na ngrúpaí



Stefano Mallia

Cathaoirleach ar Ghrúpa na bhFostóirí



Oliver Röpke

, Cathaoirleach ar Ghrúpa na nOibrithe



Séamus Boland

Cathaoirleach ar an nGrúpa “Éagsúlacht Eoraip”



Cathaoirligh na rannóg



Stefano Palmieri

Cathaoirleach ar an Rannóg um Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta agus um Chomhtháthú Eacnamaíoch agus Sóisialta (ECO)



Alan Coheur


Cathaoirleach ar an Rannóg um an Margadh Aonair, Táirgeacht agus Tomhaltas (INT)



Dimitris Dimitriadis

Cathaoirleach ar an Rannóg um Chaidreamh Seachtrach (REX)





Peter Schmidt

Cathaoirleach ar an Rannóg um Thalmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol (NAT)



Aurel Laurențiu Plosceanu

Cathaoirleach ar an Rannóg um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht (SOC)



Baiba Miltoviča

Cathaoirleach ar an Rannóg um Iompar, Fuinneamh, Bonneagar agus an tSochaí Faisnéise (TEN)



Pietro Francesco De Lotto

Cathaoirleach ar an gCoimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha (CCMI)

Editors

Ewa Haczyk-Plumley (editor-in-chief)
Daniela Marangoni (dm)

Contributors to this issue

Daniela Marangoni (dm)
David Gippini Fournier (dgf)
Ewa Haczyk - Plumley (ehp)
Laura Lui (ll)
Margarida Reis (mr)
Nicola Accardo (na)

Coordination

Agata Berdys (ab)
Katerina Serifi (ks)

Address

European Economic and Social Committee
Jacques Delors Building,
99 Rue Belliard,
B-1040 Brussels, Belgium
Tel. (+32 2) 546.94.76

Email: eescinfo@eesc.europa.eu

EESC info is published nine times a year during EESC plenary sessions. EESC info is available in 23 languages
EESC info is not an official record of the EESC's proceedings; for this, please refer to the Official Journal of the European Union or to the Committee's other publications.
Reproduction permitted if EESC info is mentioned as the source and a link is sent to the editor.

11/2020